

# ÁR DTEANGA DO ROGHA!

## SCRÚDÚ AN FHÁINNE

# Ár dteanga – do rogha   Our language – your choice

The current 'Líofa' programme has given a welcome and renewed impetus to the wearing of a popular badge that shows a person's willingness to speak Irish and to be recognised as a chooser/user of the language at a particular level of fluency. The 'Líofa' badges are proudly worn by hundreds of pupils in schools and by thousands of adults who are learning the language in their own communities. The badges are the latest in a line of badge designs worn by Irish speakers, starting with one first proposed in America in the early twentieth century and moving on to the Fáinne itself, as introduced by Piaras Béaslaí in a lecture entitled 'An Fáinne' and delivered in March 1916 in the Gaelic League Hall, 25 Parnell Square, Dublin. 'An Fáinne' for Béaslaí of course was always intended to be both a badge and an organisation. Its organisational rules were strict in the extreme and included:

- Upon joining An Fáinne, the taking of a promise to use Irish, witnessed by two others , that ran: Dearbhaighim nach labharfad feasta acht Gaedhlig le héinne de lucht an Fháinne, acht amháin nuair a beidh gabhadh mór éigin fá leith leis
- The stipulation that Fáinne members could only speak English with each other in the most exceptional of circumstances
- The requirement that the Fáinne be worn conspicuously (the first brass/ 'gold' Fáinne cost two shillings while the gold Fáinne cost 7s 6d)
- The Fáinne Executive could expel a member from the organisation
- The advice that a spirit of fraternity should be encouraged among all Fáinne members
- The recommendation that 6 or more Fáinne members could form a local 'Gasra' and register with Head Office in Dublin
- The warning that no Fáinne member could give her/his badge to anyone else and that in the event of a Fáinne being lost a special case had to be made to Head Office to get it replaced.

From day one therefore the new organisation was heavily and rigidly rule-bound. Additional guidelines were proposed three years later at the 1919 Gaelic League Ard Fheis:

- The wearer of the Badge (Fáinne) must attend a local Irish class for at least once a week for six months every year

- The wearer must display the Badge obviously on his dress so that all may in future know at a glance Gaodhal from Gall
- The wearer must give preference in business to all persons wearing the Badge provided they sell Irish manufacture
- School-going wearers must be over 12 years of age and must attend Irish classes apart from their school work
- A roll-call will be made each week and absence without cause for two consecutive classes will deprive any member of the right to wear the Badge
- The teacher is expected to enforce the rules in the strictest manner possible.

It is no surprise that the Fáinne organisation, under the direction of Piaras Béaslaí and in the political circumstances of the period, attracted only the most zealous of language revivalists. Over time tensions surfaced between individual Gaelic League Branches and Gasra/Fáinne Committees. Discord became apparent too when some Fáinne groups relaxed their rules and issued Fáinní to those less than fluent. In the 1930s the more doctrinaire Fáinne members lamented the shift to the Fáinne becoming something of a fashion-bauble rather than a symbol of commitment and linguistic competence. Locally however, the 1930s witnessed the heyday of the Fáinne organisation. Newry novelist Séamus Mac Conmara had established a Gasra while at university and subsequently founded one that used to meet weekly in the Grand Central Hotel, Hill Street, Newry. The indefatigable Father Larry Murray promoted the Fáinne throughout County Louth in particular. The tradition of holding Fáinne examinations has continued in Newry, largely led by the Christian Brothers of whom Brothers Beausang, Begley and Nolan were the most active. Brother Beausang was replaced by a member of Newry Branch Gaelic League on the then Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge Fáinne Sub-Committee in the mid 1980s and the Branch has continued with annual Fáinne tests.

Our business with this little publication though is not to narrate the history of the Fáinne, nor to chart its changing designs, declines and relaunches. No one, we imagine, would revert to strict rules and solemn promises in the awarding of competency badges for Irish learners and speakers. It is useful however that some type of graduated spoken tests are used covering the

fluency spectrum from beginners' Cúpla Focal/Líofa badges, through to Fáinne Airgid and Fáinne Óir. A degree of stretch and challenge as language learners progress through the grades is desirable in most cases and the awarding of certificates of attainment is recommended. Students should ideally receive positive feedback on their performance in tests from an experienced examiner who is sensitive to learners' dispositions. This is important especially for adult returners to education who can thrive on confidence-building experiences. To that end, Craobh an Iúir offers lists of appropriate questions divided into broad ability levels. These provide exemplar questions only and can be merged with some of the questions available from CCEA for GCSE Irish. Our objective is to provide ready-made question banks for Gaelic League Branches and for schools. We are acutely conscious of the need to inspire pupils early on their language-learning journey and at key ages – Year 7 before they transfer to secondary level, and in Years 10 and 12 so that pupils might be encouraged to choose GCSE and A Level Irish. Given the worrying decline in the numbers choosing to study Modern Languages in secondary schools and the loading and promoting of the curriculum towards STEM subjects, it is crucial that pupils' interest in languages is excited as early as possible. Newly published, professionally produced and age-appropriate CCEA resources are now available online and training for primary teachers is occurring in various centres. These resources could easily be linked with an Incentivising Liofa oral test. There is of course no compulsion to go through the formality of entering for Fáinne or other badge examinations, there is no agreed syllabus or fixed format – Líofa badges indeed are available free of charge, Cúpla Focal badges can be purchased from Gael Linn, Fáinní can be bought online or from Conradh na Gaeilge. It is much preferable in our view to earn the badge and to wear it with pride, to converse with other badge-wearers in a spirit of mutual support and solidarity to the best of our ability, and to attain increasing fluency through confident practice. Déanann cleachtadh máistreacht.


From our own Gaelic League perspective, the promotion of the Fáinne is central to our voluntary educational work. We recall that the aptly-named newspaper 'Fáinne an Lae' in its editorial of 23 Lúnasa 1919 praised the work of the new Fáinne organisation and its rapid progress in attracting more than 2000 members:

'Is féidir a rádh gurb é an Fáinne toradh oibre an Chonnartha, comh-líonadh an tsoisgéil atá á chraobhsgaolleadh le cúig bliana fichead anois.'

The same editorial touched on the core work of every Branch of the Gaelic League – that is, the consistent, reliable, year on year provision of quality Irish classes:

'..ní foláir an Chonnradh bheidh go láidir; ní foláir na Craobhacha bheidh go maith agus gan faillighe a thabhairt i múineadh na teangan; agus thar gach ní eile, ní foláir leanmhaint den obair do shíor. Is fearr síor-obair ná sár-obair. Dheineadh an Chonnradh an ithir agus féachfaidh an Fáinne i ndlaidh na mbarraí.'

This booklet of questions is available from Craobh an Iúir de Chonradh na Gaeilge which is based in Gaeláras Mhic Ardghail, 6b Upper Chapel Street, Newry. It has drawn on our own materials, Líofa guidance, Glór na Móna questions, CCEA question banks and topic-based questions provided by Coláiste Chaitríona Ard Mhacha. Tom Mc Keown, Old Chapel Road, Newry, a former Newry printer himself, has contributed to the printing costs as has the national language promotion body Foras na Gaeilge. Foras na Gaeilge support has also enabled us to promote the booklet and the Líofa/Fáinne badges with local primary schools through a Neighbourhood Renewal initiative. Seo an tríú chló agus anois tá 3400 cóip foilsithe agus scaipthe ar fud na cruinne. Tá muid buíoch do Chomhaltas Uladh a d'íoc as an tríú chló.



**Ranganna Chraobh an Iúir: Cúpla Focal**

1. Cad é an t-ainm atá ort?
2. Cad é mar atá tú?
3. Cá bhfuil tú i do chónaí?
4. Cuir síos ort féin
5. An bhfuil caitheamh aimsire ar bith agat?
6. Cuir síos ar do theach
7. Cuir síos ar do cheantar le do thoil
8. Cad é a rinne tú ar maidin?
9. Cén sórt bia is fearr leat?
10. Cén clár teilifíse a thaltníonn leat?
11. Cad é mar atá an aimsir inniu?
12. Cén t-am é?
13. Liostaigh laethanta na seachtaine
14. Ainmnigh míonna na bliana
15. Cad é an dáta atá ann inniu?
16. Déan cuntas go dtí 20
17. Cad iad séasúir na bliana?
18. Cad é an dath atá ar an rud seo? (taispeán pictiúr)
19. Cá bhfuil an ___ ? (taispeán pictiúr > ar, faoi, in aice le, sa)
20. Cad chuige a bhfuil suim agat sa Ghaeilge?



**Is duitse an Fáinne Nua**

**Cúpla Focal** le freagraí samplacha/with sample answers and list of additional jingles/songs/prayers* as delivered to some Newry primary schools as part of a Neighbourhood Renewal/Foras na Gaeilge funded after-school language project.

*Additional materials available from Craobh an Iúir.

1. Cad é an t-ainm atá ort?
   Máire/ Pádraig etc an t-ainm atá orm

2. Cad é mar atá tú?
   Tá mé go maith
   Tá mé go measartha
   Tá mé ar dóigh
   Tá mé ar mhuin na muice, go raibh maith agat

3. Cá bhfuil tú i do chónaí?
   Tá mé i mo chónaí in Iúr Chinn Trá
   Tá mé i mo chónaí i lár na cathrach
   Tá mé i mo chónaí ar imeall na cathrach
   Tá mé i mo chónaí faoin tuath
   Tá mé i mo chónaí i gContae an Dúin/i gContae Ard Mhacha

4. Déan cuntas go dtí 20

5. Cén aois thú?

6. Cuir síos ort féin
   Tá mo chuid súile liath/glas/gorm/donn
   Caithim spéaclaí
   Tá gruaig dhubh/rua/liath/chatach/fhada/dhíreach/spíceach/ildáite agam
   Tá mé cineálta/fial/ceanndána/cairdiúil/cainteach/ciúin/deas/múinte

7. An bhfuil caithimh aimsire ar bith agat?
   Tá caithimh aimsire agam.
   Is maith liom spórt/peil/snámh/ceol/rince/sacar/snúcar/liathróid lámhe/leadóg/cluichí boird/rugbaí/haca/rothaíocht...
   Is maith liom fosta an teilifís/dráma/léitheoireacht/mo pheata/mo ríomhaire...

8. Cuir síos ar do theach
   Teach dhá stór atá ann
   Bungaló atá ann
   Teach leathscoite/scoite/sraithe atá ann
   Árasán atá ann
   Tá seomra suí, halla, leithreas, seomra folctha, trí sheomra leapa, cistin, seomra teilifíse agus garáiste againn
   Tá/níl gairdín againn
   Tá teas lárnach againn
   Tá an teach mór/níl an teach mór go leor

9. Cad é a rinne tú ar maidin?
   Dhúisigh mé ar a seacht
   Nigh mé mé féin
   Chuir mé mo chuid éadaí orm
   D'ith mé bricfeasta
   D'éist mé leis an raidió
   D'fhág mé an teach ar leath tar éis a hocht

10. Cén sórt bia is fearr leat?
    Is fearr liom bia na hÉireann – prátaí, glasraí nua agus feoil.
    Is fearr liom bia Iodáileach – píotsa nó pasta mar shampla
    Is maith liom bia Síneach – curaí sicín go speisialta

11. Cén clár teilifíse a thaitníonn leat?
    Taitníonn __________ liom.

12. Cad é mar atá an aimsir inniu?
    Tá sé te/fuar/grianmhar/scamallach/gaofar/fliuch/tirim
    Tá/Níl sé ag cur feathainne/ag cur sneachta

13. Cén t-am é?
    Uaireanta/bomaite tar éis/go dtí

14. Liostaigh laethanta na seachtaine
    An Luan, An Mháirt, An Chéadaoin, An Déadaoin, An Aoine, An Satharn, An Domhnach

15.Ainmnigh míonna na bliana
Eanáir, Feabhra, Márta, Aibreán, Bealtaine, Meitheamh, Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair, Deireadh Fómhair, Samhain, Nollaig

16.Cad iad séasúir na bliana?
An tEarrach, An Samhradh, An Fómhair, An Geimhreamh

17.Cad é an dath atá ar an rud seo? (taispeán pictiúr)
Tá sé/sí: bán, bán dearg, buí, corcra, dearg, donn, dubh, glas, gorm, liath, oráiste

18.Cá bhfuil an ___ ? (taispeán pictiúr > ar, faoi, in aice le, sa)

**Ceol/Rannta/Paidreacha (samplaí):**

- Aon, dó, trí, ceathair, cúig, sé
  Cistí deas' i gcomhair an tae...
- Lámh, lámh eile, a haon, a dó...
- Beidh aonach amárach i gContae an Chláir...
- Baidín Fheilimidh...
- Teir abhaile riú
- Amhrán na bhFiann
- A Nóra bheag...
- Sin é mo mhadadh ina shuí ar an stól...
- Oró 'se do bheatha 'bhaile
- Bualadh bos, bualadh bos...
- In ainm an Athair...
- 'Sé do bheatha a Mhuire

*Is féidir cóipeanna den leabhrán seo a ordú ó:*

**Craobh an Iúir**

**Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge**

**Gaeláras Mhic Ardghail**

**6b Sráid an tSéipéil Uacht.**

**Iúr Chinn Trá**

**BT34 2DS**

**Facebook: Gaeláras Mhic Ardghail**

**gaelarasmhicardghall@gmail.com**

**Ranganna Chraobh an Iúir: Fáinne Airgid**

1. Cé thú féin?
2. Cad é mar atá tú?
3. Cá háit ar rugadh agus tógadh thú?
4. Cén sórt duine thú? Cad é a deir daoine fút?
5. An tusa an duine is óige/is sine sa teaghlach?
6. An réitionn tú go maith le daoine eile sa teaghlach?
7. Cad é mar a tháinig tú anseo (ar scoil) inniu?
8. Cad iad na hábhair a dhéanann tú staidéar orthu ar scoil?
9. Cuir síos ar an scoil/an fhoirgneamh seo.
10. An bhfuil jab (páirtaimseartha) ar bith agat?
11. Cén cineál oibre a dhéanann tú sa teach/i do phost?
12. An bhfuil caitheamh aimsire ar bith agat?
13. Cén saghas ceoil is fearr leat?
14. Cad é an clár teilifíse is fearr leat ar an teilifís agus cad chuige?
15. An bhfuil dúil agat sa spórt?
16. An maith leat ríomhairí?
17. Cuir síos ar do theach.
18. Cuir síos ar do cheantar le do thoil.
19. Cad iad na buntáistí a bhaineann le d'áit chónaithe?
20. Cad é a rinne tú i ndiaidh am tae aréir?
21. Cad é a dhéanfaidh tú i rith an tSamhraidh seo chugainn.
22. Cá háit a ndeachaigh tú ar laethanta saoire anuraidh? Ar thaitin sé leat?
23. Cén sórt bia is fearr leat?
24. An bhfuil peata agat? Cuir síos air/uirthi.
25. Cén nuachtán/iris a léann tú?
26. Cad é mar a bhíonn an aimsir i rith an Gheimhridh?
27. Cén t-am é?
28. Cad é an lá atá inniu ann?
29. Cén dáta breithe atá agat?
30. Cad é an dáta atá ann inniu?
31. Cad é d'uimhir fóin?
32. Cad é a dhéanfaidh tú anocht/amárach?
33. Cén séasúr is fearr leat agus cad chuige?
34. Cad é an cruth atá ar an rud seo? (taispeán pictiúr).
35. Cá bhfuil an ___ ? (taispeán pictiúr > os cionn, os comhair, ar chúl).
36. Cá mhéad airgid atá agam? (taispeán airgid)
37. Cad chuige a ba mhaith leat Fáinne Airgid?

**Ranganna Chraobh an Iúlr: Fáinne Óir**

1. Abair liom rud inteacht fút féin (nodanna - sonraí pearsanta, seoladh, aois, teaghlach, pearsantacht...)
2. Má tá, nó má bhí, post agat, cad é a dhéanann/ rinne tú?
3. Má tá tú saor i rith an lae nó ar phinsean, cad iad na rudaí (deasa) laethúla a dhéanann tú mar chaitheamh aimsire nó mar obair dheonach nó mar chúram tí/teaghlaigh?
4. Cuir síos ar laethanta saoire a thaitníonn leat (in Éirinn, thar lear, i gcarbhán, ar turas mara...)
5. Cad é a dhéanfá dá gcaillfeá do phas/sparán ar laethanta saoire?
6. Cad é do bhárúil faoi (Donald Trump, Michael O'Leary, Breat-imeacht, An Pápa, An Taoiseach, Arlene Foster, thopaic reatha...)?
7. Cad é an leabhar is fearr dár léigh tú riamh agus cad chuige, nó cad é an scannán is fearr atá feicthe agat go fóill agus cad chuige?
8. An dtaitníonn ceol leat?
9. Cé acu contae I gCúige Uladh is fearr leat agus cad chuige?
10. Cad hiad na háiseanna is fearr dar leat leis an Ghaeilge a fhoghlaim? (Meon Eile, téacsleabhair, an t-Idiríon, Raidió na Gaeltachta...)
11. Cad é a spreag tú leis an Ghaeilge a fhoghlaim?
12. Mínigh dom cad é a dhéanann (Foras na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Ciste Infheistíochta Gaeilge, an tOireachtas...)
13. Dá mba rud é go raibh tú tofa mar Thaoiseach cad a ndéanfá leis an tír/an eacnamaíocht/an timpeallacht a fheabhsú?
14. Tá tú I do chónaí i ___________. An mbeadh moltaí ar bith agat maidir le forbairt an cheantair?
15. Cad iad na fadhbanna sóisialta is mó i do cheantar?
16. Cén úsáid a bhaineann tú as teicneolaíocht?
17. An bhfuil tú dóchasach nó buartha faoi thodhchaí an domhain?
18. An bhfuil tú dearfach nó imníoch faoi thodhchaí na Gaeilge?
19. Glac dhá bhomaite ag léamh go ciúin agus ansin léigh os ord an sliocht/dán seo le do thoil. Cad é do bharúil faoin sliocht/dán atá léite agat? (Sliocht, dán nó alt roghnaithe ag an scrúdaitheoir)
20. An bhfuil polaiteoir nó ceannaire nó fealsúnaí nó duine atá gaolta leat a bhfuil ardmheas agat air/uithi? Cad chuige?
21. Má leanann tú cúrsaí spóirt, cé acu imreoir is mó a bhfuil meas agat uithi/air?
22. Ar mhaith leat a bheith i do chónaí in áit ar bith eile? Cén fáth?
23. An bhfuil dúil agat sa chócaireacht? Tabhair sonraí.
24. Cad é do bharúil faoi Acht na Gaeilge/TG4/do Chomhairle Iogánta?
25. Cad chuige a ba mhaith leat Fáinne Óir?

Pupils preparing for GCSE Irish, TGMO Gaeilge, AS/A2 Irish, Leaving Certificate, are very suitable candidates for Fáinne examinations and their Mock Speaking assessments might offer a useful incentive and opportunity to prepare for a Fáinne Airgid/Óir test. Questions banks such as those that follow are available online from CCEA and from practising teachers.

GCSE/TGMO

Myself, my family, relationships and choices
Cad é an t-ainm atá ort?
Cá bhfuil tú i do chónaí?
Cá mhéad duine atá sa teaghlach?
Cá mhéad deartháir atá agat?
Cá mhéad deirfiúr atá agat?
Cá bhfuil tú ar scoil?
Cad é an rang ina bhfuil tú?
Déan cur síos ort féin.
Cad é an aois thú?
Cad é dáta do lá breithe?
Cé hé/hí an duine is sine/is óige sa teaghlach?
Cá mhéad atá níos sine/óige ná tú?
Déan cur síos ar do dheartháir/dheirfiúr.
Cad é a dhéanann do dheartháir/dheirfiúr?
Cad é mar a réitíonn tú le do chlann?
Inis dom fút féin.
Déan cur síos ar do chara is fearr.
Déan cur síos ar an phopcheoltóir is fearr.
Déan cur síos ar dhuine a bhfuil meas agat air/uirthi.
Cad é a dhéanann tú féin agus do chairde le chéile?
Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach cara maith a bheith agat?

Social media and new technology
An bhfuil ríomhaire agat?
An imríonn tú cluichí ar do ríomhaire?
Cad iad na cluichí a imríonn tú ar do ríomhaire?
An íoslódálann tú ceol ar do ríomhaire?
An ndéanann tú comhrá le do chairde ar líne?
An dtéann tú ar shuíomhanna meáin shóisialta?
An labhraíonn tú le do chairde ar líne?
Cén cineál rudaí a dhéanann tú ar líne?
An bhfuil na meáin shóisialta tábhachtach i do shaol?

Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann leis na meáln shóisialta?
An bhfuil go leor oideachais sna scoileanna faoi na meáin shóisialta?
An mbraitheann an t-aos óg barraíocht ar na meáin shóisialta?
Cad é an cineál teicneolaíochta a úsáideann tú?
An bhfuil fón cliste/táibléad agat?
Cad iad an cineál rudaí a thig leat a dhéanamh ar do ghuthán cliste?
Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann leis an teicneolaíocht chliste?
An mbraitheann an t-aos óg barraíocht ar theicneolaíocht chliste?

**Free time, leisure and daily routine**
Cad é an caitheamh aimsire is fearr leat?
An maith leat an teilifís/spórt?
Cad é an clár teilifíse is fearr leat?
An imríonn tú spórt ar bith?
An amharcann tú ar an teilifís?
Cé hé/hí an popcheoltóir/an t-imreoir is fearr leat?
Inis dom trí rud a dhéanann tú ag deireadh na seachtaine.
An imríonn tú cluichí ar an ríomhaire/ar líne?
An bhfuil consól cluichí agat?
An dtéann tú chuig an phictiúrlann?
Cad é a dhéanann tú le do chairde?
Cad é mar a chaitheann tú d'am saor?
Cad é a rinne/dhéanann/dhéanfaidh tú ag deireadh na seachtaine?
Déan cur síos ar dheireadh na seachtaine dom.
Cad é a dhéanann tú faoi choinne saol sóisialta?
Inis dom faoin scannán is fearr dá bhfaca tú riamh.
An fearr dul chuig an phictiúrlann nó scannán a íoslódáil ar do ríomhaire?
Cad é a rinne/dhéanann/dhéanfaidh tú i ndiaidh na scoile/ag an deireadh seachtaine?
Cad iad na háiseanna sóisialta atá anseo?
An bhfuil dúil agat sa spórt?
Cad chuige a bhfuil rudaí cosúil le spórt tábhachtach?
Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach caitheamh aimsire a bheith agat?
An mbaineann tú úsáid as an teicneolaíocht mar chaitheamh aimsire?
An mbraitheann an t-aos óg barraíocht ar an teicneolaíocht mar chaitheamh aimsire?
Cad é an t-am ar éirigh/a n-éiríonn tú/a n-éireoidh tú/gach lá/Dé Sathairn?
Cé a dhéanann an bricfeasta/dinnéar réidh?
Cad é a itheann tú don bhricfeasta/lón?
Cad é mar a chuaigh tú/théann tú ar scoil?

Cad é an t-am a dtosaíonn/a gcríochnaíonn an scoil?
Cad é a dhéanann tú i ndiaidh na scoile?
Cad é an t-am a n-éiríonn tú ag an deireadh seachtaine?
Déan cur síos ar ghnáthlá scoile dom.
Inis dom cad é a rinne/a dhéanann/a dhéanfaidh tú Dé Sathairn.
Cad é mar a chuidíonn tú sa teach?
Inis dom cad é a dhéanfaidh tú inniu nuair a bheidh an scoil thart.
Inis dom cad é a rinne tú inné.
Inis dom cad é a dhéanfaidh tú amárach.
Inis dom cad é a dhéanann tú lá ar bith i do laethanta saoire.
Cad é mar a chaith/chaitheann/chaithfidh tú d'am ag deireadh na seachtaine?

**Culture, customs, festivals and celebrations**
Cad é an mhí ina mbíonn do lá breithe/an Samhain/an Cháisc/an Nollaig?
Cad é a dhéanann tú ag an Nollaig?
Cé acu is fearr leat – do lá breithe nó an Nollaig?
Cén cineál bronntanais is fearr leat a fháil?
Inis dom cad é a dhéanann tú ar do lá breithe/ag an Samhain/ag an Nollaig.
Cé acu an t-am den bhliain is fearr leat agus cad chuige?
An síleann tú go bhfuil barraíocht béime ar bhronntanais anois?
An bhfuil suim agat i gcultúir eile?
Cad é mar a fhoghlaimíonn tú faoi chultúir eile?

**My local area and the wider environment**
Cá bhfuil tú i do chónaí?
Cad é an cineál tí atá agat?
Cá mhéad seomra atá sa teach?
Cá mhéad seomra atá thuas staighre?
Cá mhéad seomra atá thíos staighre?
Déan cur síos ar do sheomra leapa.
Cad é an seomra sa teach ina bhfaigheann tú __________?
An maith leat do cheantar?
Inis dom rud amháin nach maith leat i do cheantar.
Cá háit go díreach a bhfuil do theach suite?
Cad iad na háiseanna atá cóngarach don teach?
Déan cur síos iomlán ar an teach.
An maith leat an áit ina bhfuil tú i do chónaí?
Cad é an sórt áite í __________?
Déan cur síos ar __________.
Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann le __________?

Cad é mar atá an saol sóisialta i(n) __________?
An bhfuil fadhbanna sóisialta ar bith i(n) __________?
Cad é an rud is mó/is lú a thaitníonn leat faoi __________?
An bhfuil mórán ann le déanamh ag an aos óg?
Cad iad na háiseanna atá ar fáil i do cheantar dúchais?
Ar mhaith leat a bheith i do chónaí in áit ar bith eile? Cad chuige?
Cad é an difear idir bheith i do chónaí sa chathair nó faoin tuath?
An maith leat a bheith i do chónaí in Éirinn/i dTuaisceart na hÉireann?
Cad é atá deas faoi Éirinn/Thuaisceart na hÉireann?
Cad é nach maith leat faoi Éirinn/Thuaisceart na hÉireann?
An raibh tú riamh sa Ghaeltacht?
Cad é an teanga a labhraíonn daoine sa Ghaeltacht?
An raibh tú riamh ar choláiste samhraidh?
Cad é an rud is mó a thaitníonn/nach dtaitníonn leat faoi do shaol in Éirinn/i dTuaisceart na hÉireann?
Cad é mar atá muintir na hÉireann?
Cad é atá speisialta faoi cheantar Gaeltachta?
Inis dom cad é a tharlaíonn i gcoláiste samhraidh/Cuir síos ar lá i gcoláiste samhraidh.
An é do bharúil go gcuidíonn coláiste samhraidh le do chuid Gaeilge? Cad chuige?

**Community involvement**

Cad é a dhéanann grúpa cosúil le Trócaire/Concern/Oxfam?
An ndearna tú obair ar bith do ghrúpa cosúil le Trócaire/Concern/Oxfam?
Ar bhailigh tú airgead riamh do ghrúpa cosúil leis na Samaritans?
An bhfuil grúpa deonach sa scoil s'agatsa?
Cad é an cineál obair dheonach a tharlaíonn sa scoil s'agatsa?
Cad é an cineál rudaí a dhéantar sa scoil s'agatsa le cuidiú le daoine bochta?
An bhfuil baint agat le grúpa deonach ar bith sa scoil nó sa phobal?
Cad é a dhéanann an grúpa?
Ar reáchtáil tú imeacht riamh le cuidiú le daoine bochta? Cad é a rinne tú? Cé a tháinig chuige?
Cá mhéad airgid a bhailigh tú?
An síleann tú go gcuidíonn obair dheonach leat le scileanna idirphearsanta a fhoghlaim? Cad iad na scileanna sin?

**Social and global issues**

Cad é an cineál bia a itheann tú le tú féin a choinneáil sláintiúil?
Cad é an bia nár chóir duit a ithe?

Cad é a dhéanann tú le coinneáil sláintiúil?
An dtéann tú chuig an spórtlann go minic?
Cad iad na háiseanna sa cheantar s'agatsa atá maith le cuidiú leat a bheith sláintiúil?
An bhfuil an bia i gceaintín na scoile sláintiúil?
Cad é an cineál fadhbanna sóisialta atá sa cheantar s'agatsa?
An mbíonn fadhbanna sóisialta i do cheantar?
Cad é is cúis leis na fadhbanna sóisialta?
An mbíonn fadhb leo seo i do cheantar: drugaí, alcól, spraoithiomáint nó iompar mishóisialta?
An ndéanann an scoil go leor le heolas a thabhairt do na scoláirí faoi na contúirtí atá ann? Cad é a dhéanann an scoil?
Cad iad na rudaí a thig leat a dhéanamh le tú féin a choinneáil sláintiúil?
An gcuireann an scoil béim ar bhia sláintiúil?
Cad é faoin bhia i gceaintín na scoile – cad é atá ann atá sláintiúil?
An bhfuil suim agat sa domhan mór?
Cad é an cineál ruda a bhfuil suim agat ann?
An gcuidíonn tú le carthanacht ar bith?
An ndéanann an scoil rudaí le cuidiú le daoine bochta?
Cad é mar a thig linn cuidiú leis an domhan mór?
Cad é mar a thig linn cuidiú le daoine bochta?
An ndéanann an scoil go leor le heolas a thabhairt do na scoláirí faoin domhan mór/faoi dhaoine bochta sa tríú domhan/faoi dhaoine bochta inár dtír féin?
Cad é mar a thig linn cuidiú leis an timpeallacht dhomhanda?

Travel and tourism
Cá háit a ndeachaigh tú ar do laethanta saoire anuraidh?
Cé a bhí leat?
Cad é mar a chuaigh tú ann?
Cá háit ar stop tú?
Cá fhad a d'fhan tú?
Cad é mar a bhí an aimsir?
Cad é a rinne tú nuair a bhí tú ar laethanta saoire?
Cad é mar a bhí an lóistín?
Cad é mar a bhí an bia?
Cad é a thaitin/nár thaitin leat?
Inis dom faoi do laethanta saoire anuraidh.
Cé acu is fearr leat – laethanta saoire le do chairde nó laethanta saoire le do theaghlach? Cad chuige?
Déan cur síos ar an áit a raibh tú ar do laethanta saoire anuraidh.

Cad é an rud is mó a thaitin leat/nár thaitin leat faoin áit?
Inis dom faoi na rudaí a rinne tú nuair a bhí tú ar laethanta saoire.
Cá háit a rachaidh tú ar do laethanta saoire i mbliana?
Cad iad na cineálacha rudaí a ba mhaith leat a dhéanamh/a fheiceáil?
Déan cur síos ar an áit is deise dá raibh tú riamh ann.
Cé acu is fearr leat – laethanta saoire thar sáile nó laethanta saoire in Éirinn? Cad chuige?
An síleann tú go bhfuil taisteal tábhachtach?
An maith leat a bheith ag taisteal? Cad chuige?
Cad iad na rudaí a fhoghlaimíonn tú agus tú ag taisteal?

**My studies and school life**
Cá mhéad ábhar a dhéanann tú don TGMO?
Cad iad na hábhair a dhéanann tú ar scoil?
Cad é an t-ábhar is fearr leat?
Cad chuige ar maith leat an t-ábhar sin?
Cad é an t-ábhar nach maith leat?
Cad chuige nach maith leat an t-ábhar sin?
Inis dom faoi na hábhair a dhéanann tú ar scoil.
Cad é a dhéanann ábhar ar bith suimiúil?
Cé acu is fearr leat – ábhar le measúnú rialaithe nó ábhar gan é? Cad chuige?
An bhfuil barraíocht brú ar scoláirí mar gheall ar scrúduithe?
Cad iad na hábhair a dhéanfaidh tú ar an bhliain seo chugainn? Cad chuige?
Cá bhfuil tú ar scoil?
Cad é an rang ina bhfuil tú?
Cad é an sórt scoile í?
Cad é an t-am a dtosaíonn/a gcríochnaíonn an scoil?
Cá mhéad rang a bhíonn ann gach lá?
Cá fhad a mhaireann gach rang?
Cad é mar a thagann tú ar scoil?
An bhfuil a lán rialacha sa scoil?
An aontaíonn tú leis na rialacha?
An maith leat an éide scoile?
Cad é an dath atá ar d'éide scoile?
Cad é nach maith leat faoin éide scoile?
Déan cur síos ar ghnáthlá scoile.
Cad é a dhéanann tú ag am lóin/am sosa?
Cad é an rud is mó/is lú a thaitníonn leat faoin scoil?
Déan cur síos iomlán ar an scoil.
Déan cur síos ar rialacha na scoile.

An aontaíonn tú leis na rialacha. Cad chuige?
Cad iad na háiseanna atá ar fáil sa scoil seo?
Cad é atá speisialta faoin scoil seo?
Déan cur síos ar d'éide scoile.
An síleann tú gur rud maith í an éide scoile?

**Extra-curricular activities**
An bhfuil tú i do bhall de chlub ar bith i ndiaidh na scoile?
An imríonn tú spórt ar bith ar scoil?
An bhfuil tú ar fhoireann na scoile?
An raibh tú riamh ar turas scoile?
Cá háit a ndeachaigh tú?
Cad é a dhéanann tú ag am lóin/am sosa/i ndiaidh na scoile?
Inis dom faoi imeachtaí/clubanna atá ann i ndiaidh na scoile.
An síleann tú go bhfuil sé tábhachtach a bheith páirteach i gclubanna/bhfoirne?
Déan cur síos ar turas scoile a raibh tú air.
An síleann tú gur rud maith é don oideachas rud cosúil le turas sciála mar thuras scoile?

**Part-time jobs and money management**
An bhfuil post páirtaimseartha agat?
Cá háit a n-oibríonn tú?
Cá mhéad uair an chloig a oibríonn tú?
Cá mhéad airgid a fhaigheann tú?
An maith leat an obair?
Cad é a cheannaíonn tú leis an airgead?
An raibh tú ar thaithí oibre?
Cá háit a raibh tú?
Cad é a rinne tú?
Ar thaitin an obair leat?
Inis dom faoi d'obair pháirtaimseartha.
Cad é go díreach a dhéanann tú?
Inis dom faoi do thaithí oibre.
Cad é mar a chuidigh taithí oibre leat?
Déan cur síos ar lá nuair a bhí tú ar thaithí oibre.
An é do bharúil gur rud maith í obair pháirtaimseartha? Cad chuige?
An gcuidíonn obair pháirtaimseartha le d'obair scoile nó an gcuireann sé isteach uirthi?

An mbeidh post páirtaimseartha agat i rith an tsamhraidh? Cad é a dhéanfaidh tú?
Cad iad na scileanna a fhoghlaimíonn tú má bhíonn obair pháirtaimseartha agat?
An bhfaigheann tú airgead póca?
Cá mhéad airgead póca a fhaigheann tú sa tseachtain?
Cá mhéad airgid a fhaigheann tú ó d'obair pháirtaimseartha?
Cad é mar a chaitheann tú d'airgead póca?
An gcuireann tú airgead i dtaisce?
An bhfuil cuntas bainc agat?
Cad é mar a fhoghlaimíonn tú an dóigh le hairgead a láimhseáil?
Cad é a dhéanann tú le hairgead póca a shaothrú?
Cad é mar a fhoghlaimíonn tú faoi chúrsaí airgid ar scoil?
An síleann tú gur chóir do dhéagóirí airgead a thabhairt isteach don teach má bhíonn obair pháirtaimseartha acu?

**Future plans and career**
Ar mhaith leat teacht ar ais ar scoil an bhliain seo chugainn?
Ar mhaith leat Ardléibhéal/BTEC a dhéanamh?
Ar mhaith leat aistriú chuig Coláiste Réigiúnach?
Cad é an cúrsa a ba mhaith leat a dhéanamh?
Cad é ba mhaith leat a dhéanamh an bhliain seo chugainn?
Inis dom cad é ba mhaith leat a dhéanamh an bhliain seo chugainn agus cad chuige.
Cad chuige ar mhaith leat teacht ar ais ar scoil in ionad dul chuig Coláiste Réigiúnach?
Cad chuige ar mhaith leat na hábhair sin/an cúrsa sin a dhéanamh?
Cad iad na grádanna a bheadh de dhíth ort leis sin a dhéanamh?
Ar mhaith leat dul ar an ollscoil?
Cé acu is fearr leat – dul ar an ollscoil anseo nó i dtír éigin eile?
Cad é an cineál poist a ba mhaith leat?
Cad é a bheadh ort a dhéanamh le bheith i do dhochtúir/mhúinteoir...?
Do bharúil an mbeidh saol na scoile difriúil agus tú i mBliain a 13?
Cé acu ab'fhearr leat – obair anseo nó dul ag obair thar sáile? Cad chuige?

**Ceisteanna comhrá don AS**

**Inis dom fút féin**

Cuir tú féin in iúl. Ainm; aois; áit a bhfuil tú i do chónaí; rudaí a bhfuil dúil agat iontu.

**An Teaghlach**

Cé mhéad ar fad atá i do theaghlach?
Cé mhéad deirfiúracha agus deartháireacha atá agat?
Cé na buntáistí a bhaineann le teaghlach beag/mór?
Cá háit a bhfuil tú i do theaghlach? An buntáiste nó míbhuntáiste é?

Cad é mar a réitíonn tú leis na daoine eile i do theaghlach?
An réitíonn tú le deirfiúr nó deartháir áirithe? Cad chuige?
Cad chuige a n-éiríonn eadraibh?
An bhfuil do dheirfiúracha/dheartháireacha sa bhaile go fóill?
An bhfanfaidh tusa sa bhaile, i do bharúil? Cad chuige?
Cad é mar a réitíonn tú le do thuismitheoir(í)/chúramóir(í)? Cad chuige?
Cad é a dhéanann do thuismitheoir(í)/chúramóir(í)?
An bhfuil siad sásta ar obair?

**Dúshláin do theaghlaigh**

An síleann tú go bhfuil saol furasta ag tuismitheoirí sa lá atá inniu ann? Cad chuige?

Cé na fadhbanna is mó a bhíonn ag teaghlaigh sa lá atá inniu ann, i do bharúil? Cad é is féidir a dhéanamh faoi?

An gcaithfidh tú mórán a dhéanamh thart faoin teach? An rud maith é i do thuairim?
An bhfuil sé tábhachtach go gcaitheann teaghlaigh am le chéile? Cad chuige?

**Tionchar ar dhaoine óga**
Cé na tionchair is mó a bhíonn ar dhaoine óga, i do bharúil?
An bhfuil saol níos deacra ag déagóirí sa lá atá inniu ann? Cad chuige?
An síleann tú go bhfuil daoine óga ábalta brú a láimhseáil?
Cad é mar is fearr do dhéagóirí brú an tsaoil a láimhseáil, i do thuairim?
An bhfuil cairde tábhachtach? Cad chuige?
Cén sórt cara atá de dhíth ort? Cad chuige?

**Bia agus aclaíocht**
An duine sláintiúil tú, i do bharúil?
Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach bheith sláintiúil na laethanta seo?
An bhfuil barraíocht béime ar an aclaíocht?
Cé na buntáistí a bhaineann leis an aclaíocht?
Cad é a thig a dhéanamh le bheith cinnte go n-itheann páistí go sláintiúil?

**Tobac; alcól; drugaí**
An bhfuil fadhb i do cheantar maidir le halcól nó drugaí?
Cad chuige a bhfuil sé ann, i do bharúil?
Cén sórt fadhbanna eile a chothaíonn sé?
Cad é mar is féidir an fhadhb a réiteach?
Cé na fadhbanna sóisialta is mó atá ann?

**Ag plé le brú agus le strus**
An síleann tú go bhfuil barraíocht brú ar dhaoine óga ar na saolta seo? Cad chuige?
Cad é a dhéanann tú féin leis an bhrú a láimhseáil?
Cén chomhairle a bheadh agat do dhaoine óga eile atá ag streachailt le brú?

**Caithimh Aimsire**
Cad é mar a chaitheann tú d'am saor?
Cad chuige a bhfuil suim agat sa spórt; sa cheol; sa siopadóireacht?
An bhfuil an caitheamh aimsire sin costasach?
Cad é mar a chuidíonn an spórt/ceol/siopadóireacht le daoine?
Cé na buntáistí a bhaineann le caitheamh aimsire bheith agat?

**Na hEalaíona; na scannáin; faisean**
An bhfuil mórán suime/spéise agat sna scannáin; san fhaisean? Cad chuige?
An fiú do dhaoine dul chun na pictiúrlainne/hamharclainne níos mó? Cad chuige?

**Na Meáin Shóisialta agus an Nuatheicneolaíocht**
An mbaineann tú úsáid as na meáin shóisialta? Cad chuige?
Cad é do bharúil orthu?
Cad é an ceann is fearr leat? Cad chuige?
Cad é a shíleann tú den Idirlíon? Cad chuige?
An dtiocfadh leat dul gan do ghuthán póca? Cad chuige?
An bhfuil daoine óga millte ag an nuatheicneolaíocht? Cad é mar atá sí ag dul i bhfeidhm orthu?

**Saoire agus turasóireacht**
An bhfuil dúil agat sa taistil? Cad chuige?
An raibh tú thar sáile/thar lear ariamh? Cad é a shíl tú den áit/den tír?
Cé na rudaí is mó a thaitin leat?
Cad é a shíl tú de mhuintir na háite?
Cén cineál saoire ab fhearr leat? Cad chuige?
Cé na buntáistí a bhaineann leis an taistil, i do bharúil?
An mbíonn aon mhíbhuntáistí leis?
Dá mbeadh an rogha agat féin agus an t-airgead, cá rachfá? Cad chuige?
An fiú do thurasóirí teacht go hÉirinn ar saoire?
An molfá féin an tír seo mar áit shaoire?

**Féilte**
Cén fhéile sa bhliain is mó a thaitníonn leat? Cad chuige?
Cad é do bharúil faoi dhaoine ag dul thar lear don Nollaig/do Lá Fhéile Pádraig?
An ndeachaigh tú riamh chuig féile i rith an tSamhraidh. Cad é do bharúil de?
An raibh sé costasach?

**Ceisteanna comhrá don A2**

**Oideachas agus Fostaíocht**
Inis dom rud éigin fút féin.
Inis dom faoi do scoil.
Cé na hábhair A2 atá idir lámha agat?
Cad chuige ar roghnaigh tú na hábhair sin?
An bhfuil mórán difear idir As agus A2, i do bharúil?
Dá mbeadh sé le déanamh agat arís an roghnófá na hábhair céanna?
Cad é a shíleann tú de na háiseanna atá ar fáil duit ar scoil?
Cad é mar a fhreastalaíonn an scoil ar bhuachaillí?
Cad é an taithí a fuair tú sa Sruth Gaeilge?
An mbeidh brón ort an scoil a fhágáil? Cad chuige?
Cad é atá ar intinn agat a dhéanamh ar an bhliain seo chugainn?
Cad chuige ar mhaith leat dul ar ollscoil?
An mbeifeá sásta dul ó dheas/go Sasana/thar lear ar ollscoil?
An fiú do dhaoine óga dul ar ollscoil ar na laethanta seo? Cad chuige?
An bhfuil míbhuntáistí ag baint le saol na hollscoile?

**Obair pháirtaimseartha**
An bhfuil post páirtaimseartha agat?

Cad é a dheanann tú sa phost?
Cad chuige a bhfuil an post agat?
Cad é shíleann tú den airgead/phá/tuarastal?
An bhfuil sé doiligh an dá thrá a fhreastal post páirtaimseartha agus obair scoile?
Cad é an post a ba mhaith leat amach anseo? Cad chuige?
Cad é atá de dhíth ort le post mar sin a fháil?
Cé na deiseanna atá ar fáil duit le post a fháil le Gaeilge?
Ar mhaith leat Gaeilge a úsáid sa phost a bheidh agat? Cad chuige?

Daoine óga agus an daonlathas
An bhfuil suim ar bith agat sa pholaitíocht? Cad chuige?
Cad é do bharúil de Bhreat-imeacht?
Cé na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis An Bhreatain ag imeacht ón Eoraip, I do bharúil?
Cén tionchar a imreoidh seo ar do shaol, i do bharúil?
An bhfuil meas agat ar pholaiteoir ón tír seo/ó thír eile? Cad chuige?
Ar chóir an aois vótála a ísliú? Cad chuige?

Meon an phobail agus daoine óga
Cén cineál dearcaidh a bhíonn ag daoine ar dhaoine óga ar na saolta seo? Cad chuige?
An bhfuil tiomáint agat go fóill?
Cé na buntáistí/míbhuntáistí a bhaineann leis an tiomáint?
An dtéann tú chuig an phictiúrlann? An bhfuil an ráchairt céanna ar an phictiúrlann anois?
Cén scannán is fearr dá bhfaca tú ariamh?
An léann tú leabhair? Cén leabhar is fearr dár léigh tú ariamh? Cad chuige?
An léann tú rud ar bith i nGaeilge? Cad é? Cad chuige?
An bhfuil ré an leabhair thart/deireadh leis na leabhair?
An mbaineann tú féin mórán úsáide as an Idirlíon? Cad chuige?
Cén rud Is fearr faoin Idirlíon/na meáin shóisialta?

Taisteal agus Turasóireacht
An rachaidh tú áit ar bith i rith an tsamhraidh?
Cad chuige a dtéann daoine ar saoire?
Cén cineál saoire is fearr leat féin? Cad chuige?
Cé na buntáistí a bhaineann leis an taisteal?
An bhfuil míbhuntáistí ar bith ag baint leis?
Cad é do bharúil d'Éirinn mar áit shaoire? Cad chuige?
Ar chaith tú am ar bith sa Ghaeltacht? Cad é a shíl tú de?

An síleann tú gur fiú do dhaoine óga dul chun na Gaeltachta anois? Cén fáth?
Dá mbeadh an t-airgead agat, cá rachfá ar saoire? Cad chuige?

**Maireachtáil inmharthana agus an timpeallacht**

Cad é a dhéanann tú ar scoil le cuidiú leis a timpeallacht?
An aontaionn tú gur chóir dúinn aire a thabhairt don timpeallacht? Cad chuige?
Cad é mar atá athchúrsáil agus caomhnú na timpeallachta curtha chun cinn i do cheantar féin?




Léirigh do nasc leis An nGaeilge
An Fáinne Úr
Ar fáil ó €3
Conradh na Gaeilge
Fón: +353 (1) 4783814
www.cnag.ie/fainne

GAELÁRAS
MHIC ARDGHAIL